Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/90125

23.2.2024

**Ceartúchán ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/567 ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2024 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 a mhéid a bhaineann le cruthúnas tionscnaimh digiteach a úsáid le haghaidh táirgí de thionscnamh na Brasaíle agus le taraif-chuótaí a bhainistiú**

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L, 2024/567, 15 Feabhra 2024)*

Ar leathanach 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn II:

*'IARSCRÍBHINN II*

*'IARSCRÍBHINN XVII*

**Teimpléad de Dheimhniú tionscnaimh digiteach le haghaidh táirgí áirithe atá faoi réir socruithe speisialta um allmhairiú neamhfhabhrach dá dtagraítear in Airteagal 15a**

*Réamhnótaí:*

1. 12 mhí ó dháta a n-eisithe ag na húdaráis eisiúna a bheidh i dtréimhse bhailíochta na ndeimhnithe tionscnaimh a bhaineann le táirgí a bhfuil a dtionscnamh i dtríú tír agus a bhfuil socruithe speisialta um allmhairiú neamhfhabhrach bunaithe ina leith.

2. Cuirfidh na húdaráis Chustaim an doiciméad a chuireann oibreoirí i láthair i gcomparáid leis an doiciméad comhfhreagrach atá ar fáil sa bhunachar sonraí ar líne arna sholáthar ag údarás eisiúna an tríú tír ábhartha. Ní ghlacfaidh na húdaráis chustaim san Aontas ach leis an doiciméad atá ar fáil i mbunachar sonraí an tríú tír mar dhoiciméad bailí.

3. Déanfar na doiciméid a líonadh isteach i gclóscríbhinn i gceann de theangacha oifigiúla an Aontais. Níor cheart na hiontrálacha sa doiciméad atá priontáilte agus curtha faoi bhráid na n-údarás custaim a scriosadh ná a fhorscríobh.

4. Beidh sraithuimhir ar na doiciméid lenar féidir é a shainaithint, chomh maith leis na sonraí seo a leanas:
   (a) i mboscaí 1 agus 2, na sonraí lena sainaithnítear an coinsíneoir tríú tír agus an coinsíní atá bunaithe san Aontas, faoi seach;
   (b) i mbosca 3, na sonraí lena sainaithnítear údarás an tríú tír a eisíonn an doiciméad agus a shiombail;
   (c) i mbosca 4, an tír thionscnaimh;
   (d) i mbosca 5:
      (i) sraithuimhir an cheadúnais allmhairiúcháin arna eisiúint ag aon Bhallstát dá dtagraíonn an doiciméad;
      (ii) na sonraí breise go léir is gá chun reachtaíocht an Aontais a rialaíonn na socruithe speisialta allmhairiúcháin a chur chun feidhme;
      (iii) i gcás ina n-eisítear go cúlghabhálach é, agus sa chás sin amháin, an léiriú seo a leanas i gceann de theangacha oifigiúla an Aontais:
         — Expedido a posteriori,
         — Udstedt efterfølgende,
         — Nachträglich ausgestellt,
         — Εκδοθέν εκ των υστέρων,
         — Issued retrospectively,
         — Délivré a posteriori,
         — Rilasciato a posteriori,
         — Afgegeven a posteriori,
         — Emitido a posteriori,
         — Annettu jälkikäteen/utfärdat i efterhand,

— Utfärdat i efterhand,

— Vystaveno dodatečně,

— Välja antud tagasiulatuvalt,

— Izsniegts retrospektīvi,

— Retrospektyvusis išdavimas,

— Kiadva visszamenőleges hatállyal,

— Maħruġ retrospettivament,

— Wystawione retrospektywnie,

— Vyhotovené dodatočne,

— Издаден впоследствие,

— Eliberat ulterior,

— Izdano naknadno;

(e) i mbosca 6, sraithuimhir an loingsithe ar a dtagann na hearraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais, mar aon leis an ítim agus na huimhreacha marcála, líon agus cineál na bpacáistí, agus tuairisc ar na hearraí;

(f) i mbosca 7, cainníocht na dtáirgí i gcileagraim atá le scaoileadh i saorchúrsaíocht, glanmhais agus ollmhais araon;

(g) i mbosca 8, síniú barántúil an oifigigh agus séala barántúil údarás eisiúna an tríú tír, atá coibhéiseach ar a laghad le ríomhshínithe ardleibhéil a bhunaítear le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]). De rogha air sin, is féidir cód QR a chur in ionad an tséala lena ndéantar nasc leis an mbunachar sonraí ina stóráiltear an bundoiciméad i bhformáid dhigiteach;

(h) ní líonfar bosca 9 isteach;

(i) i mbosca 5 ag bun an leathanaigh nó i mbosca 8, léireofar go soiléir an seoladh gréasáin ar a mbeidh na húdaráis chustaim in ann an bundoiciméad a aimsiú i bhformáid dhigiteach.

5. Beidh sraithuimhir ar gach doiciméad lenar féidir é a shainaithint agus déanfaidh an t-údarás eisiúna é a stampáil agus beidh sé sínithe ag an duine nó ag na daoine a bhfuil an chumhacht acu déanamh amhlaidh.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/910/oj).

<table>
<tr><td>1 Coinsíneoir</td><td colspan="2">Uimhir an doiciméid</td></tr>
<tr><td rowspan="2">2 Coinsíní</td><td colspan="2">3 An t-údarás eisiúna</td></tr>
<tr><td colspan="2">4 Tír thionscnaimh</td></tr>
<tr><td colspan="3">5 Barúlacha</td></tr>
<tr><td colspan="2">6 Uimhir na hítime – Marcálacha agus uimhreacha – Líon agus cineál na bpacáistí – TUAIRISC AR NA hEARRAÍ</td><td>7 Ollmhais agus glanmhais (kg)</td></tr>
<tr><td colspan="3">8 DEIMHNÍTEAR LEIS SEO GUR DE THIONSCNAMH NA TÍRE A LUAITEAR I mBOSCA 4 NA TÁIRGÍ THUAS AGUS GO BHFUIL AN FHAISNÉIS I mBOSCAÍ 5 AGUS 6 CEART (*)</td></tr>
<tr><td colspan="3">9 ARNA CHOIMEÁD LE hAGHAIDH NA nÚDARÁS CUSTAIM SAN AONTAS EORPACH</td></tr>
<tr><td colspan="3">(*) Chun barántúlacht an doiciméid seo a fhíorú, is féidir leat an cód QR a scanadh nó rochtain a fháil ar an nasc seo a leanas:'.'</td></tr>
</table>